Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12232/22**

**LIMITE**

**PECHE 305**
**UK 126**

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Deiseanna iascaireachta 2023: Stoic éisc a roinntear leis an Ríocht Aontaithe<br>• Malartú tuairimí |

1. Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, lena leagtar amach creat nua le haghaidh comhbhainistiú stoc éisc in uiscí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe. Tháinig na Páirtithe ar chomhaontú maidir le cuspóirí comhroinnte agus maidir le sraith prionsabal a mhéid a bhaineann le stoic chomhroinnte a shaothrú ina n-uiscí faoi seach (Ceannteideal V, Cuid II, TCA).

2. Faoi théarmaí an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair (Airteagal 498), reáchtálann an dá Pháirtí comhairliúcháin bhliantúla chun an teorainn gabhála iomlán atá ceadaithe do gach speiceas éisc agus dá gcearta iascaireachta faoi seach a chinneadh. Meastar gur acmhainn chomhroinnte san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh iad thart ar 100 stoc éisc (tá siad liostaithe in Iarscríbhinn 35 de TCA).

3. Reáchtálann an Coimisiún Eorpach na comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe thar ceann an Aontais, i gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, agus i

gcomhréir le UNCLOS agus leis an mbunrialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh ('CBI')[1], ar bhonn sheasamh an Aontais arna shonrú ag an gComhairle.

4. I nDeireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle cinneadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe. Leis an gcinneadh sin, bunaítear na prionsabail agus na treoshuíomhanna chun na comhairliúcháin bhliantúla maidir leis na stoic éisc a roinnfear idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe sna blianta atá le teacht a threorú, ar bhonn ilbhliantúil, le próiseas chun seasamh an Aontais a shonrú gach bliain.

5. Táthar ag súil go gcuirfidh seirbhísí an Choimisiúin páipéar leathoifigiúil isteach ina mbeidh moltaí maidir le seasaimh an Aontais, lena gcumhdófar na comhairliúcháin don bhliain 2023 idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, an Iorua agus an tAontas, agus an tAontas agus an Ríocht Aontaithe agus an Iorua[2].

6. Tá na comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe le tosú roimh dheireadh mhí Dheireadh Fómhair, agus leanfar ar aghaidh leo i roinnt babhtaí i rith mhí na Samhna, agus críochnófar iad faoin 10 Nollaig ar a dhéanaí. Dhéanfaí an dréacht-Taifead i Scríbhinn ina sonraítear toradh na gcomhairliúchán sin a thíolacadh lena fhormheas ag an gComhairle sular féidir cionnranna comhfhreagracha an Aontais a léiriú sa phlé maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 ag Comhairle AGRIFISH an 12-13 Nollaig.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle treoir a chur ar fáil, trí mhalartú tuairimí a bheith aici maidir le tosaíochtaí roimh na comhairliúcháin iascaigh maidir leis na stoic éisc a roinntear idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe do 2022.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[2] 12526/22.